



**An Roinn Tithíochta, Pleanála,
Pobail agus Rialtais Áitiúil**
Department of Housing, Planning,
Community and Local Government

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Scéim Teanga

2017 - 2020

faoi Alt 15

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Márta 2017

Tá leagan Gaeilge agus leagan Béarla den Scéim Teanga ar fáil ar www.tithiocht.ie
nó www.housing.gov.ie

© An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2017



Leathanach Chlár na nÁbhar

Caibidil 1	Cúlra	3
1.1	Réamhrá	3
1.2	Léirmheas ar mar a feidhmíodh Scéim Teanga na Roinne 2013-2016	3
1.3	Cur Chuige i Leith Scéim Nua a Fhorbairt	4
1.4	Ábhar na Scéime Teanga	4
1.5	Dáta Tosaithe na Scéime	4
Caibidil 2	Léargas Ginearálta ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachtá agus Rialtais Áitiúil	5
2.1	Misean agus Sainordú	5
2.2	Custaiméirí na Roinne	5
2.3	Achoimre ar Sheirbhísí agus ar Ghníomhaíochtaí arna soláthar ag an Roinn	6
Caibidil 3	<i>Achoimre ar Sheirbhísí Gaeilge agus ar Fheabhsuithe atá pleanáilte i gcomhair 2017-2020</i>	8
3.1	Seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn seo sa dá theanga	8
3.2	Bealaí cumarsáide leis an bPobal / le Faisnéis a chur in iúl don Phobal	8
3.2.1	<i>Seirbhís do Chustaiméirí</i>	8
3.2.2	<i>Suímh Idirlín agus Córais Ríomhaire na Roinne</i>	8
3.2.3	<i>Óráidí</i>	9
3.2.4	<i>Comhfhreagras</i>	9
3.2.5	<i>Cuirí Oifigiúla</i>	10
3.2.6	<i>Bileoga Faisnéise / Foirmeacha Iarratais / Póstaeir</i>	10
3.2.7	<i>Foilseacháin</i>	10
3.2.8	<i>Fógraí ó bhéal / Cumarsáid leis an bPobal ar an teileafón</i>	10
3.2.9	<i>Preasráitis</i>	11
3.2.10	<i>Rialtas Áitiúil</i>	11
3.2.11	<i>Polasáí i leith Cruinnithe Poiblí</i>	11
3.2.12	<i>Seirbhís do limistéir Ghaeltachta</i>	11
3.2.13	<i>Logainmneacha Gaeltachta</i>	11
3.3	Cumas Gaeilge an Roinne a Fheabhsú	12
3.3.1	<i>Pleanáil an Fhórsa Oibre</i>	12
3.3.2	<i>Oiliúint & Forbairt</i>	12
3.3.3	<i>Acmhainní Teanga</i>	12
3.3.4	<i>Seirbhísí Aistriúcháin</i>	13
3.3.5	<i>Seachtain na Gaeilge</i>	13
3.3.6	<i>Cumarsáid Inmheánach</i>	13
Caibidil 4	Monatóireacht & Athbhreithniú	14
Caibidil 5	Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú	15

Caibidil 1 Cúlra

1.1 Réamhrá

Tháinig céad Scéim Teanga na Roinne, a ullmhaíodh de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, i bhfeidhm i mí Lúnasa 2005. Lean an dara agus an tríú Scéim, a chuimsigh an tréimhse 2009-2012 agus 2013-2016, leis an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh seirbhísí trí Ghaeilge agus seirbhísí dátheangacha a sholáthar sa Roinn.

Forbraíodh an ceathrú Scéim chun an bhéim a leagtar ar an nGaeilge, agus gnó laethúil na Roinne á dhéanamh, a láidriú, agus an méid a bheidh indéanta le réasún, as seo go ceann an chéad trí bliana eile, á chur san áireamh.

Rinneadh athbhreithniú inmheánach ar scéimeanna na Roinne a tháinig roimh ré ar bhonn bliantúil agus chabhraigh torthaí an phróisis sin leis an ceathrú Scéim seo a fhorbairt. Léirítear leis an Scéim nua an t-athstruchtúrú a rinneadh ar an Roinn le déanaí, tar éis d'fheidhmeanna a bheith aistriithe in 2016 i ndiaidh an Olltoghcháin, nuair a aistríodh roinnt feidhmeanna a bhain le cúrsaí pobail ón Roinn seo chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, agus feidhmeanna comhshaoil i ndáil leis an aeráid, dramhaíl, éifeachtúlacht acmhainní, cáilíocht an aeir agus radaíocht chomhshaoil aistriithe chuig an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

1.2 Léirmheas ar mar a feidhmíodh Scéim Teanga na Roinne 2013-2016

Socraíodh níos mó targaidí dúshlánacha don Roinn leis an tríú Scéim Teanga na Roinne agus socraíodh cur i bhfeidhm oibleagáidí Gaeilge na Roinne níos mó i gcultúr na Roinne.

I gcaitheamh chúrsa an scéim, d'oibrigh an fhoireann san Aonad Tacaíochta Straitéisí & Gnó (SBSU) go dlúth le comhghleacaithe as chuile chearn den Roinn le feacht ar théarmaí agus ar spiorad na Scéime a chur chun cinn agus lena chinntiú go gcomhlíonfaí iad. Trí shraith de shuirbhéanna inmheánacha bliantúla, d'fhéach an Roinn le leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge, ó bhéal agus i gcló araon, a mheas.

Tá aitheantas laistigh den Roinn faoin tábhacht a bhaineann le Scéim Teanga na Roinne, agus na hoibleagáidí reachtúla ag teacht de bhun na Scéime araon agus Acht na dTeangacha Oifigiúla. Bhí rún daingean ag SBSU a chinntiú go meabhraítear a bhfreagrachtaí i ndáil le seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge don fhoireann agus do bhainisteoirí. Úsáidtear iris leictreonach na Roinne, *'Weekly Wrap'*, go rialta chun tiomantais don Ghaeilge a chur i gcuimhne don fhoireann, amhail an ceanglas le foilseacháin áirithe a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Chun tacú le baill foirne na ceanglais sin a chomhlíonadh agus le cur i ngníomh éifeachtach na Scéime a chinntiú, bíonn oiliúint sa Ghaeilge ar fáil don fhoireann agus soláthraítear acmhainní éagsúla ar an idirlíon, lena n-áirítear treoircháipéisí agus mionsonraí faoi sheirbhísí aistriúcháin. Athfhorbraíodh idirlíon inmheánach na Roinne, Doras, in 2016 agus tá obair ar siúl faoi láthair le hacmhainní Gaeilge a uasdátú agus a fheabhsú don fhoireann ar an suíomh seo.

Cuireann an suirbhé bliantúil ar chumas na Roinne dul chun cinn a mheasúnú i ndáil le cur i ngníomh na Scéime freisin agus soláthraítear leid faoi aon saincheisteanna atá ag teacht roimh aonaid ghnó maidir le cur i ngníomh na Scéime. Ar an gcaoi chéanna, soláthraítear leis

an iniúchóireacht bhliantúil faisnéis faoi leibhéal an éilimh ón bpobal ar sheirbhísí i nGaeilge. Léiríodh go seasmhach leis na torthaí gur fhan leibhéal an éilimh ar sheirbhísí ón bpobal trí Ghaeilge – go pearsanta nó trí ghlaonna teileafóin – réasúnta íseal.

D'oibrigh an Roinn le hoifigigh ó oifig an Choimisinéara Teanga le cinntiú go dtarraingítear aire na foirne ar ghearáin agus ar chásanna maidir le neamh-chomhlíonadh na Scéime, d'fhonn seachaint nach dtarlódh siad arís.

1.3 Cur Chuige i Leith Scéim Nua a Fhorbairt

D'fhoilsigh an Roinn fógra ar a shuíomh gréasáin ar an 19 Samhain 2016 faoi *Alt 13* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 lenar iarradh uiríolla ó pháirtithe leasmhara i ndáil le hullmhúchán na scéime nua teanga seo. Cuireadh tuít amach ó chuntas Twitter na Roinne lenar fógraíodh an próiseas comhairliúcháin freisin, agus rinneadh fógraín faoi ar Tuairisc.ie. Cuireadh gach comhlacht faoi scáth na Roinne ar an eolas faoi fhorbairt na Scéime nua agus tugadh cuireadh dóibh a gcuid dearcaí a chur faoi bhráid.

Bailíodh moltaí ón bhfoireann freisin trasna Rannáin éagsúla na Roinne agus ó na suirbhéanna bliantúla lenar measúnaíodh dul chun cinn faoi Scéimeanna Teanga na Roinne roimhe seo.

1.4 Ábhar na Scéime Teanga 2017 - 2020

Tá sé mar aidhm ag an scéim seo a leanúint ar aghaidh leis na gealltanais atá leagtha amach i scéimeanna na Roinne a tháinig roimhe seo agus chun cur leis an dul chun cinnbainte amach go dtí seo.

Cuirfidh an Scéim nua le prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí freisin agus leanfar ar aghaidh le bheith ag cinntiú leis an scéim go n-éascófar le daoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh i nGaeilge.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag meas leibhéal an éilimh ar a seirbhísí i nGaeilge trí iniúchóireachtaí bliantúla a reáchtáil ar an éileamh ar sheirbhísí agus ar na bearta dá dtugtar futhu leis na seirbhísí a chur i ngníomh. Tá rún daingean ag an Roinn tuairisciú faoi dhul chun cinn a dhéantar go bliantúil ina Tuarascáil Bhliantúil.

1.5 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosaíonn sí le héifeacht ó **13 Márta 2017** agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2 Léargas Ginearálta ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachtá agus Rialtais Áitiúil

2.1 Misean agus Sainordú

Is é misean na Roinne, mar atá leagtha amach san *Ráiteas Straitéise 2016-2019*, tacú le tithe dea-phleanáilte a sholáthar ar bhealach éifeachtúil inbhuanaithe, le rialtas áitiúil éifeachtach agus le pobail bhríomhara chuimsitheacha.

Is iad seo a leanas na spriocanna straitéiseacha atá againn:

- A chinntiú go gcuireann an phleanáil agus an tógáil inár réigiúin agus inár bpobail le forbairt chothrom inbhuanaithe;
- Soláthar cobhsaí inbhuanaithe tithíochta ar dhea-chaighdeán a chumasú;
- Creat a chur ar fáil le haghaidh acmhainní uisce a bhainistiú go hinbhuanaithe ón bhfoinse go dtí an fharraige;
- Rialtas áitiúil atá daonlathach, freagrúil agus éifeachtach, bainistíocht éifeachtach toghcháin agus bainistíocht seirbhísí dóiteáin agus éigeandála ar ardchaighdeán a chur ar aghaidh agus a chumasú;
- Forbairt pobal atá bríomhar agus cuimsitheach agus forbairt na hearnála pobail agus deonaí a chur chun cinn agus tacú lena bhforbairt;
- Freastal ar an tsochaí trí fhaisnéis iontaofa a tháirgeadh agus a chur ar fáil faoin aimsir agus faoin aeráid chun an bheatha agus an réadmhaoin a chosaint agus chun neartú a dhéanamh ar an ról atá ag Met Éireann mar údarás maidir le haimsir ardtionchair in Éirinn

Tá oifigí ag an Roinn i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath, ar Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman agus i mBéal an Átha, Co. Mhaigh Eo. Tá baill foirne sa chigireacht tithíochta agus uisce, agus sa tseirbhís iniúchóireachta lonnaithe ar fud na tíre. Tá ceanncheathrú Mhet Éireann i nGlas Naíon i mBaile Átha Cliath agus tá baill foirne aige i suímh réigiúnacha.

2.2 Custaiméirí na Roinne

Mar gheall ar fhairsinge shainordú na Roinne agus ar a bhfuil i gceist leis, téann a cuid oibre i bhfeidhm ar raon ollmhór daoine agus pobal ar fud na tíre. Cé go seachadtar tromlach na seirbhísí a chuireann an Roinn chun cinn tríd an earnáil rialtais áitiúil, tá bonn leathan custaiméirí ag an Roinn. San áireamh leis seo tá:

- Daoine den phobal
- Pobail ar fud na tíre
- Comhpháirtithe Sóisialta
- Eagraíochtaí nach eagraíochtaí rialtais iad
- Comhlachtaí faoi scáth na Roinne
- Ranna agus Oifigí eile Rialtais
- Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha

- Ionadaithe tofa
- Forais Eorpacha agus Idirnáisiúnta

2.3 Achoimre ar Sheirbhísí agus ar Ghníomhaíochtaí arna soláthar ag an Roinn

Déantar obair na Roinne trí sheacht gcinn de Rannáin –Pleanáil & Beartas um an Margadh Tithíochta & Bainistíocht Talún; Beartas Tithíochta Sóisialta agus Beartas Cíosa; Seachadadh na gClár Tithíochta; Seirbhísí Rialtais Áitiúil agus Pobail; Uisce; Tacaíocht Chorporáideach agus Ghnó; agus Met Éireann. Tá Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil lonnaithe sa Roinn freisin.

Leagtar breac-chuntas ar phríomhfheidhmeanna sheacht rannán na Roinne amach thíos.

Rannán Pleanála, Beartais um an Margadh Tithíochta & Bainistíochta Talún

Bíonn an Rannán Pleanála, Beartais um an Margadh Tithíochta & Bainistíochta Talún freagrach as a chinntiú go mbeidh an creat cuí i bhfeidhm maidir le beartais straitéiseacha agus pleanáil reachtaíochta chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn chomh maith le forbairt réigiúnach chothrom, m.sh. trí Chreat Náisiúnta Pleanála nua fadtéarmach a fhorbairt, trí chóras pleanála trédhearcach láidir a choinneáil ar bun, agus treoir is acmhainní cuí maidir le beartais a sholáthar d'údaráis phleanála agus don Bhord Pleanála lena gcuid feidhmeanna agus ceanglas reachtúil a chomhlíonadh. Déanann an Rannán maoirseacht ar chomhordú agus ar chur i ngníomh Atógáil Éireann – an Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus Easpa Dídine lena bhféachtar le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin shuntasacha roimh an aschur tithíochta a mhéadú agus le tacaí tithíochta agus seirbhísí eile a bhreisiú, agus soláthraíonn sé ról leathan fíorthábhachtach trasna na Rannán Tithíochta, Uisce agus Rialtais Áitiúil laistigh den Roinn chomh maith le beartais agus tosaíochtaí a chomhordú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile.

Rannán an Bheartais Tithíochta Sóisialta agus an Bheartais Chíosa,

Tá Beartais maidir le Tithíocht Shóisialta; Tacaí don Easpa Dídine agus Ionchuisitheacht Tithíochta; Rialáil an Mhargaidh Chíosa agus na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ina gcuid de Rannán an Bheartais Tithíochta Sóisialta agus an Bheartais Chíosa, chomh maith le forbairt Mhúnláí Maoiniúcháin Nua chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil chomh maith le háiteanna cónaithe ar cíos inacmhainne.

Rannán um Chláir Tithíochta a Sheachadadh

Tá sé curtha de dhuilgias ar an Rannán um Chláir Tithíochta a Sheachadadh maoirseacht agus bainisteoireacht a dhéanamh ar an gClár Infheistíochta Caipitil Tithíochta Sóisialta (*SHCIP*) agus ar an gClár Caiteachais Reatha Tithíochta Sóisialta (*SCHEP*), lena gcuimsítear an Áis Leasúcháin Airleacain Chaipitil (*CALF*) agus na scéimeanna Cíos in ionad Morgáiste. Tá freagracht ar an Rannán as an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (*HAP*) agus as an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (*RAS*) a rolladh amach agus a chur i ngníomh. Le cois a bheith ag stiúradh phróiseas seachadta an chláir tithíochta sóisialta agus réimsí na mbeartas gaolmhar, cuimsítear le feidhmeanna an Rannáin freagracht as pleanáil, bainisteoireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar airgeadas agus ar chaiteachas tithíochta. Tagann maoirseacht ar chaighdeáin ailtireachta agus tógála, lena n-áirítear beartais agus reachtaíocht a fhorbairt i

leith rialú foirgníochta, caighdeán tógála, táirgí foirgníochta agus leasacháin phiríte, faoi shainchúram an Rannáin seo freisin.

Rannán Rialtais Áitiúil agus Seirbhísí Pobail

Pléann an Rannán Rialtais Áitiúil agus Seirbhísí Pobail le beartais a bhaineann leis an gclár oibre forbartha agus athchóirithe don earnáil rialtais áitiúil, lena n-áirítear i ndáil le cúrsaí eagrúcháin agus struchtúrtha agus le maoirseacht agus rialachas a sholáthar. Tá freagracht air freisin as feidhmeanna Pobail, lena n-áirítear Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí, Coistí Forbartha na bPobal Áitiúil agus Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail chomh maith le comhordú trasrannach. Tagann clár a bhaineann le cúrsaí Pobail faoi shainchúram an Rannáin seo freisin, amhail Clár na hIonchuimsitheachta Sóisialta agus an Ghníomhachtaithe Pobail (*SICAP*), clár *RAPID* agus clár na nÁiseanna Pobail chomh maith le raon scéimeanna tacaíochta pobail agus idirghníomhaíocht leis an earnáil phobail agus dheonach. Áirítear forbairt na seirbhíse leabharlainne poiblí, rialú madraí agus na n-ionad pórúcháin mhadraí agus rátaí tráchtála le feidhmeanna eile.

Rannán Uisce

Pléann an Rannán Uisce le Beartais na hEarnála Uisce, lena n-áirítear athchóirithe earnálacha a chur i ngníomh, rialachas agus maoiniú Uisce Éireann agus Grúpa Ervia, an mhaoirseacht ar an earnáil Ghrúpuisce agus cur i ngníomh na Creat-Treorach Uisce. Bíonn an Rannán freagrach as Creat-Treoir na Straitéise Muirí, creat pleanála spásúla muirí a fhorbairt d'Éirinn agus as an gcreat dlí urthrá freisin.

Rannán Corparáideach agus Tacaíochta Gnó

Tá feidhmeanna iontach leathan ag an Rannán Corparáideach agus Tacaíochta Gnó lena n-áirítear na nithe seo a leanas: Acmhainní Daonna; oiliúint agus forbairt; rialachas corparáideach rannach; clár athchóirithe na Roinne a stiúradh; airgeadas agus cuntais; maoirseacht ar chur i ngníomh an chóid chaiteachais phoiblí, Teicneolaíocht Faisnéise & Chumarsáide; tacaíocht do bheartais eacnamaíoch agus staitistiúil; lena n-áirítear Luach ar Airgead; bainistíocht áiseanna; feidhm an Toghchórais; an Stiúrtóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála; Airgeadas Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear Cáin Mhaoine Áitiúil, Mótarcháin agus an córas airgeadais a bhfeidhmíonn údaráis áitiúla faoina chuimsiú; an tAonad Dlí agus Iniúchóireacht Inmheánach. Lena chois sin, áirítear feidhmeanna cumarsáide & an phreasoifig le sainchúram an Rannáin seo, chomh maith le seirbhísí éagsúla straitéiseacha agus tacaíochta gnó a sholáthar don Roinn ar bhonn níos leithne.

Met Éireann

Is é Met Éireann, Seirbhís Mheitéareolaíoch na hÉireann, an príomhsholáthraí faisnéise aimsire agus seirbhísí gaolmhara sa Stát. Is é a mhisean monatóireacht, anailís agus réamhaisnéis a dhéanamh ar aimsir agus aeráid na hÉireann agus raon faisnéise meitéareolaíche ardchaighdeáin agus faisnéise gaolmhara a sholáthar don phobal agus do chustaiméirí sonracha, mar shampla, na hearnálacha eitlíochta agus talmhaíochta. Forbraíonn an Stiúrtóir treoir straitéiseach ar aon dul le beartais na Roinne; cothabháil agus uasghrádaíonn an cháilíocht agus éifeachtúlacht oibriúcháin; bíonn sé nó sí freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Met Éireann a oibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta; agus go ngníomhóidh sé mar Ionadaí Buan na hÉireann don Eagraíocht Dhomhanda Mheitéareolaíochta.

Caibidil 3 Achoimre ar Sheirbhísí Gaeilge agus ar Fheabhsuithe atá pleanáilte i gcomhair 2017- 2020

Tá rún daingean ag an Roinn Tithlocha, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar i nGaeilge agus / nó sa dá theanga dá custaiméirí. Leagtar amach sa chaibidil seo na bearta a dtabharfaidh an Roinn futhu as seo go ceann an chéad trí bliana eile ionas go gcuirfear leis an dul chun cinn a rinneadh i leith seirbhísí dátheangacha a fhorbairt i gcaitheamh thréimhse na Scéime a tháinig roimh ré.

3.1 Seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn seo sa dá theanga

I gcoitinne, ní sholáthraíonn an Roinn seirbhísí don phobal go díreach, seachas a bheith ag plé le fiosrúcháin ó lá go lá. I ndáil le líon beag na nAonad Gnó a sholáthraíonn seirbhísí díreacha, tá socruithe déanta lena chinntiú go mbeidh ball ainmnithe foirne ar fáil leis an tseirbhís a sholáthar sa teanga arna roghnú ag an gcustaiméir.

3.2 Bealaí cumarsáide leis an bPobal / le Faisnéis a chur in iúl don Phobal

3.2.1 Seirbhís do Chustaiméirí

Tá an Roinn i mbun a ullmhú **Plean Gníomhaíochta nua um Sheirbhís (CSAP)** agus an **Chairt Chustaiméirí** don tréimhse go deireadh 2018. Leanfaidh an Chairt ar aghaidh le prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a léiriú sa Chairt nua agus, ar an mbealach seo, cinntítear leis an gCairt go n-éascófar le daoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Féachtar, leis an dá chaipéis, leanúint de chur chun cinn le próifíl na Gaeilge a ardú sa Roinn trí théacs as Gaeilge a dhéanamh níos feiceálaí. Lena chois sin, tá bileog ghearra leagann amach na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge sa Roinn á athbhreithniú agus nuashonrú agus beidh sé ar fáil ag ár deasca fáiltithe agus ar ár suíomh ghréasáin go luathagus úsáidfear an bhileog mar bhealach le feasacht a chur chun cinn ar sheirbhísí sonracha atá ar fáil.

3.2.2 Suímh Idirlín agus Córais Ríomhaire na Roinne

- (i) Le cois ábhar statach a sholáthar, leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag cur le méid an ábhair as Gaeilge a bhíonn ar fáil ar a suímh idirlín www.housing.gov.ie / www.tithíoch.ie. Treoróidh torthaí ón suirbhé inmheánach is déanaí ar sheirbhísí a sholáthraíonn an Roinn as Gaeilge na haidhmeanna le méadú eile a dhéanamh ar mhéid na Gaeilge ar an suíomh idirlín. Maidir le hAonaid Ghnó nár chuir ábhar i nGaeilge ar shuíomh idirlín na Roinne fós, spreagfar iad go sonracha lena n-ábhar idirlín a scrúdú mar iarracht le méid an ábhair as Gaeilge a bhíonn ar fáil a mhéadú tuilleadh. Lena chois sin, spreagfar na hAonaid Ghnó sin óna n-éilítear an méid cumarsáide is mó i nGaeilge le leibhéal na faisnéise a sholáthraítear i nGaeilge ar shuíomh idirlín na Roinne a mhéadú. Chun cabhrú leis an Roinn a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le hinfhaighteacht leaganacha Gaeilge d'ábhar statach ar an suíomh idirlín, ainmneofar Pointe Teagmhála Aonair (PTA) sa SBSU. Is féidir leis an PTA seo socruithe a dhéanamh le haistriúchán ábhair a sholáthar ó Bhéarla go Gaeilge agus lena uaslódáil don suíomh idirlín ina dhiaidh. Leanfar ar aghaidh freisin ag cinntiú go gcuirfear gach foilseachán, lena n-áirítear bileoga faisnéise agus bróisiúir, dá dtáirgtear as Gaeilge nó sa dá theanga, ar fáil

ar leagan Gaeilge an tsuímh idirlín ag an am céanna is a chuirtear an leagan Béarla ar fáil.

- (ii) Leanfar ar aghaidh ag obair go comhleanúnach ionas go gcuirfear ábhar statach ar fáil i nGaeilge ar shuímh idirlín eile a bhfuil freagracht uirthi astu. Beidh fócas ar leith ar shuímh idirlín lena méadaítear feasacht an phobail ar shaincheisteanna tábhachtacha agus táillí do seirbhísí áitiúla, mar shampla: www.firesafetyweek.ie, www.myplan.ie, agus www.constituency-commission.ie. Tá an Roinn ag déanamh athbhreithnithe faoi láthair ar a phunann idirlín agus tabharfaidh aghaidh ar sholáthar ábhair as Gaeilge sa chomhthéacs seo.
- (iii) Leanfar ar aghaidh ag cinntiú go gcuirfear ábhar statach ar fáil i nGaeilge le linn na scéime.
- (iv) Leanfar ar aghaidh freisin ag cinntiú go gcuirfear an t-ábhar statachar gach suíomh idirlín nua arna bhforbairt aici nó thar a ceann ar fáil go dátheangach.
- (v) Cuirfear gach seirbhís nua idirghníomhach ar an idirlíon (.i. seirbhísí lena gcuirtear ar chumas daoine den phobal iarratais a dhéanamh, sochair a fháil nó íocaíochtaí a dhéanamh) dá bhforbrófar i gcaitheamh chúrsa na Scéime seo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarlago comhuaineach.
- (vi) Leanfar ar aghaidh ag cinntiú go gcomhlíonfaidh bogearraí agus córais ríomhaire nua arna bhforbairt ag an Roinn nó thar a ceann, a gcaithfear faisnéis a chur isteach iontuis ndáil le daoine den phobal, mar shampla, ainmneacha agus seoltaí, oibleagáidí ó thaobh na Gaeilge. Cuirfidh an Roinn comhlachtaí atá faoina scáth (go háirithe, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, LGMA, a chabhraíonn le húdaráis áitiúla réitigh áirithe a fhorbairt maidir le cúrsaí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide) ar an eolas faoi ghealltanais ina leith seo.
- (vii) Leanfar ar aghaidh ag cinntiú go gcomhlíonfaidh Córas Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide arna bhforbairt ag an Roinn oibleagáidí reachtúla ó thaobh na Gaeilge de.

3.2.3 Óráidí

Leanfar ar aghaidh le hóráidí nó ráitis, arna dtabhairt ag Airí san Oireachtas nó in áiteanna eile, chomh maith le hóráidí arna ndéanamh ag oifigigh shinsearacha, a chur ar fáil sa teanga/sna teangacha inar tugadh iad.

3.2.4 Comhfhreagras

Le cois a hoibleagáid dlíthiúil a chomhlíonadh ó thaobh freagra a thabhairt i nGaeilge ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge, déanfaidh an Roinn gach iarracht comhfhreagras a thionscnamh i nGaeilge leo siúd arb eol gurb fhearr leo comhfhreagras a dhéanamh i nGaeilge. Leanfar ar aghaidh ag cur iachall ar an bhfhoireann taifead a choinneáil ar eagraíochtaí den sórt sin d'fhonn is go gcomhlíonfar an gealltanais seo. Tabharfar an fhaisnéis seo cothrom le dáta ar bhonn rialta ar shuíomh idirlín inmheánach na Roinne. Beidh

teachtaireachtaí caighdeánacha ar ríomhphost na Roinne, ar nós séantaí freagachta, i nGaeilge agus i mBéarla. Tabharfar tacaíocht don fhoireann le freagraí ‘As an Oifig’ a sholáthar go huathoibríoch sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

3.2.5 Cuirí Oifigiúla

Leanfar ar aghaidh ag cinntiú go bpriontálfar cuirí chuig ócáidí oifigiúla arna n-óstáil ag an Aire nó Airí Stáit go dátheangach.

3.2.6 Bileoga Faisnéise / Foirmeacha Iarratais / Póstaeir

Táirgeann an Roinn roinnt bileog, póstaer agus foirmeacha iarratais a bhíonn ina n-údar spéise ginearálta don phobal. Leanfar ar aghaidh ag cinntiú go dtáirgfear gach foirm iarratais agus bileog dá n-úsáidtear go coitianta m.sh. i ndáil leis vótáil, bainistíocht dramhaíola, pobal agus feachtais fheasachta poiblí, go dátheangach faoin aon chlúdach amháin. Sa chás nach indéanta é seo mar gheall ar a bhfuil i gceist leis an ábhar, mar gheall ar a mhéid nó a leagan amach, soláthrófar leagan ar leithligh i nGaeilge agus i mBéarla. I gcás den sórt sin, cuirfear an leagan Gaeilge ar fáil ar an mbealach céanna is a chuirfear an leagan Béarla ar fáil. Sa chás go gcuirtear bileoga, foirmeacha iarratais agus póstaer ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne, cuirfear an leagan Gaeilge ar fáil ag an am céanna leis an leagan Béarla. Tugann an Roinn gealltanús sonrach go gcuirfear an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí, agus an bhileog fhaisnéise faoi sheirbhísí atá ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, ar fáil go dátheangach faoin aon chlúdach amháin.

3.2.7 Foilseacháin

Táirgeann réimsí éagsúla polasaína Roinne raon leathan foilseachán. Geallann an Roinn go leanfaidh sí ar aghaidh le leagain dhátheangacha d’fhoilseacháin lárnacha (mór-ráitis maidir le polasaithe, straitéisí srl.) agus b’fhearr léi go soláthrófaí iad laistigh den aonchlúdach amháin (cruachóip nó foilseacháin leictreonacha). Sa chás go laghdófaí a éifeachtaí is a bheadh aon foilseachán dátheangach áfach mar gheall ar a fhad nó sa chás go mbeadh costas breise iomarcach i gceist leis, soláthrófar leagain ar leithligh i nGaeilge agus i mBéarla. Maidir leis seo, beidh ráiteas i ngach ceann go bhfuil leagan ar fáil sa teanga eile. Níl sé i gceist cáipéisí móra a bhaineann le cúrsaí teicniúla nó nach scaipfí ach ar dhornán beag daoine a chur ar fail go dátheangach.

3.2.8 Fógraí ó bhéal / Cumarsáid leis an bPobal ar an Teileafón

Ar aon dul leis na prionsabail ó thaobh na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag cinntiú, maidir le fáilteoirí agus oibritheoirí lascchláir, arb iad an chéad phointe teagmhála leis an bpobal iad:

- go dtabharfaidh siad ainm na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla;
- go mbeidh siad cleachtaithe le beannachtaí bunúsacha i nGaeilge;
- gur féidir leo daoine den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill le pé oifigí nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a iarradh a thairiscint trí Ghaeilge.

Leanfar ar aghaidh le baill indibhidiúla den fhoireann a spreagadh le teachtaireachtaí dá mboscaí glórphoist a sholáthar go dátheangach, sa chás gur féidir.

3.2.9 Preasráitis

Táirgfidh agus eiseoidh an Roinn 30% de na preasráitis ar fad go dátheangach i gcaitheamh thréimhse na Scéime. Agus rogha á dhéanamh maidir leis na preasráitis a eiseofar go dátheangach, cinnteoidh an Roinn go dtabharfar tús áite do phreasráitis a bhaineann le gnóthaí Gaeilge nó Gaeltachta, nó a bhaineann le forbairt tuaithe chomh maith le fógraí réamhphleanáilte a bhfuil tábhacht náisiúnta faoi leith ag baint leo. Eiseofar gach preasráiteas den sórt sin chuig na meáin chumarsáide Gaeilge ach go áirithe.

Leanfar ar aghaidh ag cur leagan dátheangach de phreasráiteas ar suímh idirlíne na Roinne.

3.2.10 Rialtas Áitiúil

Leanfar ar aghaidh ag soláthar ciorcláin agus aon fhoirmeacha gaolmhara, a úsáideann foireann na n-údarás áitiúil chun seirbhísí a sholáthar do dhaoine den phobal go díreach, i bhformáid dhátheangach.

3.2.11 Polasaí i leith Cruinnithe Poiblí

Reáchtálann an Roinn formhór a cruinnithe poiblí i mBéarla amháin. Is é polasaí na Roinne seo áfach, sa chás go mbeidh údar maith leis, go leanfar ar aghaidh ag cur baill foirne a bheidh inniúil ar an nGaeilge ar fáil le haghaidh cruinnithe i limistéir Ghaeltachta agus/nó nuair a bheifear ag bualadh le heagraíochtaí/grúpaí Gaeilge sa chás go dtabharfar fógra leordhóthanach.

3.2.12 Seirbhís do limistéir Ghaeltachta

Geallann an Roinn go leanfar ar aghaidh ag cur seirbhís trí Ghaeilge ar fáil do mhuintir na Gaeltachta i gcaitheamh shaolré na Scéime.

3.2.13 Logainmneacha Gaeltachta

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag baint feidhm as Logainmneacha oifigiúla na limistéar Gaeltachta, faoi mar atá fógartha ag an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá logainmneacha oifigiúla de baillte fearainn lonnaithe laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht le fáil ar www.logainm.ie.

3.3 Cumas Gaeilge an Roinne a Fheabhsú

3.3.1 Pleanáil an Fhórsa Oibre

Agus aird á tabhairt ar bheartas an Rialtais le haghaidh soláthair bhreisithe de sheirbhísí i nGaeilge, sonrúidh an Roinn, faoi dheireadh na chéad bhliana den scéim, aon phoist dá bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ina riachtanas bunriachtanach. Déanfar gach iarracht na riachtanais sin a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime seo agus aird á tabhairt ar bheartais earcaíochta, ardaithe céime agus oiliúna, de réir mar is cuí. Cuirfidh seo ar chumas na Roinne seo feabhsú incriminteach na seirbhísí i nGaeilge a phleanáil ar bhealach níos straitéisí, agus tús áite a thabhairt dó.

3.3.2 Oiliúint & Forbairt

Ina gealltanais le hoiliúint agus forbairt chúí a sholáthar don fhoireann ar fad, déanfaidh an Roinn an méid seo a leanas:

- Leanúint ar aghaidh le feachtas teanga a áireamh mar chuid de chúrsaí oiliúna ábhartha, le cinntiú go dtuigfidh an fhoireann a gcuid oibleagáidí dátheangacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
- Leanúint ar aghaidh le hoiliúint sa Ghaeilge a thairiscint agus éascú le baill foirne freastal ar oiliúint sa Ghaeilge i rith uaireanta oifige.
- Leanúint ar aghaidh comhairle a thairiscint, agus i gcúinsí áirithe, cúnamh airgeadais, don fhoireann i ndáil leis an raon ranganna ardchaighdeáin Gaeilge atá ar fáil lasmuigh d'uaireanta oifige.
- Leanúint ar aghaidh cúrsaí oiliúna a chur ar fáil do gach ball foirne a bhíonn ag obair ag deasca fáilithe / do gach teileafónaí agus Oifigeach Seirbhíse chun a bhfeachtas ar bheannachtaí bunúsacha na Gaeilge agus a n-eolas ar an nGaeilge a mhéadú.
- Leanúint ar aghaidh le daoine a lorg a bheidh deonach seirbhísí Gaeilge a sholáthar trasna na Roinne i gcás go bhféadfaidh an ceanglas le seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge teacht chun cinn. Liostaítear baill foirne dá leithéid ar an suíomh idirlín inmheánach, Doras.

3.3.3 Acmhainní Teanga

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bealaí a sholáthar don fhoireann ar fad le teacht ar fhaisnéis agus ar acmhainní teanga go héasca, m.sh. foclóirí, idir chóip chrua, sa chás go n-iarrfar iad, agus i bhformáid leictreonach friesin, comhairle maidir leis an nGaeilge scríofa agus liostaí d'abairtí coitianta, srl. Cuirfear úsáid acmhainní idirlín ar nós seiceálaithe litrithe, www.tearma.ie, www.focal.ie agus www.foclóir.ie chun cinn go gníomhach.

Déanfar an chuid as Gaeilge de Shuíomh idirlín inmheánach nua na Roinne, Doras, a athfhorbairt go n-áireofar treoir agus acmhainní breise don fhoireann ann.

3.3.4 Seirbhísí Aistriúcháin

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le liosta a chur ar fáil don fhoireann de gach cuideachta agus duine aonair a bhíonn ag soláthar seirbhísí aistriúcháin. Soláthrófar treoir agus comhairle mhionsonraithe don fhoireann freisin maidir leis na nósanna imeachta agus na cleachtais is fearr a bheidh le leanúint agus na seirbhísí seo á bhfostú agus á n-éascú.

3.3.5 Seachtain na Gaeilge

Tá rún daingean ag an Roinn tionscnaimh chultúir, lena dtacaítear agus lena spreagtar úsáid na Gaeilge, a chur chun cinn. Ar an gcaoi seo, leanfaidh an Roinn ar aghaidh le bheith ag tacú le gníomhaíochtaí arna n-eagrú i rith Sheachtain na Gaeilge i gcaitheamh thréimhse na Scéime.

3.3.6 Cumarsáid Inmheánach

Cuirfear faisnéis rialta isteach mar chuid den ‘*Weekly Wrap*’– nuachtlitir leictreonach seachtainiúil na Roinne – agus leanfar ar aghaidh ag baint feidhm as an infón chun faisnéis a chur ar fail i ndáil leis an nGaeilge.

Caibidil 4 Monatóireacht & Athbhreithniú

Tabharfar faoi athbhreithniú bliantúil ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an Scéim a chur i ngníomh. Chun an dul chun cinn seo a mheasúnú, baileofar faisnéis go bliantúil:

- ar pholasaithe nó thionscnaimh a chuir úsáid na Gaeilge chun cinn;
- ar ábhair ar foilsíodh cuid díobh nó an t-iomlán i nGaeilge;
- ar mhinicíocht aon ghearán agus mholtaí bhain le soláthar seirbhísí i nGaeilge ag an Roinn, agus ar a raibh i gceist leis na gearáin/moltaí sin;
- ar dhul chun cinn i gcoinne gach ceann de na gealltanais a leagadh amach sa Scéim;
- leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le haon bhearta breise, atá riachtanach chunfeabhas a dhéanamh ar leibhéal na seirbhíse a sholáthraíonn an eagraíocht, a bhreithniú i bhfianaise éilimh agus a n-eascróidh as an measúnú bliantúil ar dhul chun cinn.

Lena chois sin, cuirfear tuairisc ar na bearta a cuireadh i ngníomh faoin Scéim isteach ina cuid de Thuarascáil Bhliantúil na Roinne.

Caibidil 5 Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Cuireadh a bhfreagrachtaí i leith Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 in iúl don fhoireann agus tá treoir agus teoracha mionsonraithe curtha ar fáil dóibh siúd ar gá dóibh bearta Gaeilge a chur i ngníomh b'fhéidir. Leanfar ar aghaidh leis an bhfoireann a chur ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoin scéim trí roinnt bealaí éagsúla m.sh.;

- Fógraí Oifige;
- Faisnéis ar shuíomh idirlín inmheánach na Roinne m.sh. laistigh den 'Weekly Wrap' (nuachtlitir leictreonach seachtainiúil);
- Cuirfear faisnéis ar ghealltanais Ghaeilge na Roinne isteach ina gcuid d'oiliúint

Cuirfear ábhair na Scéime seo, in éineacht lena gealltanais agus a forálacha, ar fáil don phobal ginearálta tríd:-

- An Scéim a scaipeadh ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí poiblí cuí;
- Áit fheiceálach a thabhairt don Scéim ar shuíomh idirlín na Roinne;
- Áit fheiceálach a thabhairt don Scéim i gCairt Ardchaighdeáin do Chustaiméirí na Roinne agus i bPlean Gníomhaíochta na Roinne um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí;
- Bileog ghearr le cur ar fáil ag an deasc fáilithe lena leagfar amach seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge.

Le cois na mbeart seo, tapóidh an Roinn gach deis ina hidirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí leis na seirbhísí a sholáthraíonn sí trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, agus an méid seo a leanas san áireamh:

- an rogha le plé leis an Roinn as Gaeilge a chur ar a shúile do chustaiméirí go díreach agus ar bhonn réamhghníomhach, trí, mar shampla, fógraí a chur ar taispeáint ag limistéir fháilithe á thabhairt le fios go bhfuil na seirbhísí Gaeilge ar fáil agus tríd na seirbhísí seo a liostú ar shuíomh idirlín na Roinne go feiceálach;
- fonótaí a chur isteach mar chuid de threoirínte, de bhileoga agus d'fhoirmeacha iarratais roghnaithe á mhíniú go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin (i gcás nach dtáirgtear ábhar priontáilte dátheangach faoi aon chlúdach amháin); agus
- nótaí a chur isteach mar chuid d'fhoilseacháin agus d'fhógraí á thabhairt le fios go soláthraíonn an Roinn seirbhísí as Gaeilge agus, dá réir sin, go bhfáiltíonn an Roinn roimh chustaiméirí ar mian leo déileáil léi i nGaeilge, de réir na ngealltanais ina Scéim chomhaontaithe.

Tá cóip den Scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla chomh maith le dóibh siúd a chuir aighneachtaí faoi bhráid na Roinne i ndáil le forbairt an tríú Scéim seo.

Is é an leagan Béarla den scéim seo an bunleagan.